

An Píobaire Breac

Gaelscoil Uí Néill

Foireann

An Píobaire Breac

An Méara

Seanfhrancach

Comhairle

Francaigh

Páistí

Gasúr

Scéalaí 1-13

Radharc 1

Scéalaí 1: I gcathair bheag sa Ghearmáin, darb ainm Hamelin,
A thit na heachtraí seo amach na céadta bliain ó shin.
Ba mhaith linn é a insint, is má thugann tusa cead,
Inseoidh muid an scéal anois, ní mhairfidh sé i bhfad.

Scéalaí 2: Taobh le hAbhainn Weser atá baile Hamelin,
Is má chreideann tú na scéalaithe, más fíor a gcuimhní cinn,
Ní raibh le fáil aon phobal beo a bhí chomh sona sásta leo

Scéalaí 1: Go dtí gur thit an buille cruá
A d'fhág an chathair ina hábhar trua
Mar bhí plá is crá ag cur isteach
Ar gach aon sráid, ar gach aon teach,
Ar gach aon neach in Hamelin bocht.

Ceol: Iontráil na bhfrancach

Scéalaí 3: Cad é a bhí cearr? Cá raibh an locht?
Is furasta a rá! Na lucha móra
A ba chúis le caoineadh agus deora
Na ndaoine bochta ciaptha cráite
Mar bhí francaigh ann ag scriosadh na háite!

Scéalaí 4: Francaigh!

Gach duine: Ahhhhh!

Scéalaí 4: Níl rud ar bith chomh dona leo,
bhí baile Hamelin iomlán beo
Le lucha's iad ag déanamh gíge
ó gach aon pholl is scoilt is díog.
D'ith siad an bia – ní raibh siad beadaí –
Mharaigh siad na cait is dhíbhí na madaidh.
Chuaigh siad ag snámh i mbairillí beorach –
Nach iad a bhí santach, salach, glórach!

Ceol: Ceol Na bhFrancach:

*Is francaigh muid in Hamelin
Bímid i ngach aon áit.
Is fuath le daoine na Francaigh
Ach tá gach rud faoinár smacht!*

Scéalaí 5: Bhí muintir Hamelin trína chéile,
Mar bhí aoi gan chuireadh ag gach aon bhéile
Is, le scéal gearr a dhéanamh níos giorra,
Chuaigh muintir an bhaile ar mire.
Mháirseáil siad chuig teach an Mhéara,
Agus scairt amach de ghuthanna géara:

Muintir Hamelin:

Tagaigí amach, an bhfuil sibh bodhar?
Bheadh níos mó céille ag asal nó gabhar!
Músclaigí! Bogaigí! Tapaigí an deis
Le rud a dhéanamh le stop a chur leis!
Is faoina choinne seo a íoctar sibh!
Réitígí an fhadhb nó imigí libh!

Ceol: Rá Rá a Mhéara

*Rá Rá a Mhéara
A Mhéara 'is a Chomhairle
Gá Gá Oh la la
Ba mhaith linn freagra (x2)*

*Ba mhaith linn freagra, ba mhaith linn réiteach
Ba mhaith linn éalú ó bhrú na bhfrancach
Ba mhaith linn seo, ba ba ba, ba mhaith linn seo*

*Ba mhaith linn cuidiú, ba mhaith linn ár mian
Ba mhaith linn Hamelin ar ais chuici féin
Ba mhaith linn seo, ba ba ba, ba mhaith linn seo*

Rá Rá a Mhéara...

Tuismitheoirí: Bhí an Méara is a Chomhairle ag bárcadh allais:

Méara agus Comhairle:

Ón chró is lú go cistin an pháláis
Tá na mílte francach ag déanamh féasta
Ar ár mbia go léir! Ó, táimid céasta!

Méara: Beidh deich míle bonn in airgead reatha
Ag an duine a bhainfidh de na francaigh a mbeatha!
Is é atá de dhíth ná na mílte gaiste!

Scéalaí 6: Go tobann chuala siad fuaim an laiste
Agus tháinig fear ard tanáí isteach,
Gléasta i gcóta fada breac

A bhí leathchuid dearg is leathchuid buí
Chomh gréagach ildaite le clóca an rí.

Ceol: **Tagann an Píobaire Breac isteach**

*D'amharc sé thart le súil ghéar ghorm
Bhí ciúnas ann mar a bhíonn roimh stoirm.
Ansin go tobann, labhair an strainséir
A raibh ceol ina ghuth chomh maith le dainséir.*

Píobaire Breac:

Is é an Píobaire Breac mo theideal is m'ainm,
Mar gheall ar an dóigh a mbím ag seinm,
Mharaigh mé ainmhithe dochracha dána,
Ón Íoslainn fhuar go Lubliana,
Scríos mé earc, ciaróg is nathair,
Cruimh, cuileog is sciathán leathair!
Mharaigh mé iad is chuir mé deireadh leo
Leis an draíocht atá san fheadóg seo,
Agus maróidh mé na francaigh seo le fonn
Má fhaighim uaibh dhá chéad bonn!

Méara: Gheobhaidh tú míle bonn óir uainn
Má fhaigheann tú réitithe de na francaigh dúinn
Ach ní chreidim go ndéanfaidh do chuid ceoil faic!

Gach duine: Arsa an Méara mímhúinte leis an Phíobaire Breac.

Scéalaí 7: Sheinn an Píobaire port deas gasta,
Seanphort aisteach bríomhar casta,
Is go tobann chuala an Méara raic,
Bhí na francaigh ag imeacht leis an Phíobaire Breac!

Ceol: **Damhsa na bhfrancach**

Scéalaí 8: Ag teacht ina n-aonar, ag teacht ina mbuíonta,
Ag rith síos ballaí, ag titim de dhíonta,
Thug an Píobaire iad go bruach na habhann
Agus thit siad isteach san uisce domhain.

Scéalaí 9: Bádhdh iad ar fad ach aon fhrancach amháin
A bhfuil scéal a bheatha anois sa Táin.
I gcónaí bhíodh an seanluch cróga
Ag insint a scéil do na francaigh óga

Francaigh: Inis dúinn scéal mar ba mhaith linn fáil amach,
Faoi na rudaí a tharla duit, a Sheanfrancach.

Seanfhrancach:

Chomh luath is a chuala mé an ceol,
Smaoinigh mé ar uachtar, cáis agus feoil,
Ispíní friochta, brioscaí dubha,
Píog úll le crústa crua

Ceol: An Francach agus na Francaigh

*Bia, bia blasta,
Ispíní, sceallóga, glóthach,
Arán is uibheacha úra
Prátaí, píseanna stobhach.*

*Stéig dheas ar phláta mhór,
An bia uilig os mo chomhair
Ó bia!
Ar mhaith leat an bia?
Goitse don bhia!
Seo é an bia!*

Seanfhrancach:

Ach go tobann bhí an aisling imithe:
Chonaic mé romham feoil ar an chnámh
Ach nuair a léim mé uirthi – bhí mé ag snámh!
Fuair na mílte againn bás an lá dubh sin,
San abhainn fhuar in Hamelin!” (bú hú hú)

Scéalaí 10: Nuair a chonaic siad na francaigh ag imeacht le sruth,
Scairt muintir an bhaile “**Hurá**” d’aon ghuth,
Bhí na francaigh marbh agus bhí deireadh leo,
Nach mbeadh muintir Hamelin sona go deo?

Damhsa: Can Can

Scéalaí 11: Bhí áthas ar an Mhéara agus lig sé scread, **Hip Hip Hooray**
Go dtí gur chuimhnigh sé go tobann ar an airgead.
Nuair a tháinig an píobaire ag iarraidh a phá,
Ní dúirt an Méara ach

Méara: Há, há, há!
Níor shíl tú go raibh mo chuid cainte fíor?
Nach bhfuil míle bonn óir rud beag daor?
Seo céad míle buíochas – agus caoga bonn óir –
Glac iad is fáilte, a dhuine chóir!

Tuismitheoirí: Labhair an Píobaire Breac go ciúin.

Píobaire Breac:

Nach bhfaca tú an dóigh a sheinnim tiúin?
Míle bonn an margadh agus ba mhaith liom é
Nó, is tiúin eile ar fad a chasfaidh mé!

Tuismitheoirí: Nuair a chuala an Méara é, bhí fearg air, is dúirt sé,

Meara: Níl i do cheol ach aer!
Tá na francaigh marbh, tá deireadh leo
Is ní thiocfaidh siad ar ais go deo!
Agus mholfainn duitse imeacht fosta
Mar níor mhaith leat mé a fheiceáil crosta!

Ceol: Píobaire v Méara: Téir abhaile Riú

*Téir abhaile riú, téir abhaile riú
Téir abhaile a Phíobaire
Téir abhaile is fan sa bhaile
Mar tá do mhargadh déanta!
Níl mo mhargadh
Tá do mhargadh
Níl mo mhargadh déanta
Tá do mhargadh
Níl mo mhargadh
Tá do mhargadh déanta!*

Scéalaí 12: Thuig an Píobaire nach bhfaigheadh sé a cheart
Ón Mhéara santach agus thiontaigh sé thart,
Bhain sé an fheadóg ó phóca a chóta,
Chuir sé lena bhéal í agus shéid sé nóta.

Píobaire Breac:

Caithfidh mé smaoinigh ar phlean atá glic
Mar ba mhaith liom na hiníonacha agus na mic
Seinnfidh mé port ar an fheadóg mhór seo
Is beidh siad faoi dhraíocht, i mo bhaile go deo!

Scéalaí 1: Sheinn sé arís, an Píobaire Breac,
Agus d'fhán an Méara ina staic
Mar bhí sé faoi dhraíocht ag an phort
An ceol sin a chuirfeadh cluain ort –
An Méara bocht, nach é a bhí ar crith
Nuair a chonaic sé na céadta páiste ag rith!

Ceol: Damhsa na bPáistí

Scéalaí 13: Tháinig siad de rúid, ag damhsa is ag léim,
Ag casadh, ag scipeáil, céim ar chéim.
D’amharc tuismitheoirí Hamelin le huafás
Ar mhórshiúl na bpáistí is ba bhocht a gcás
Nuair a d’oscail tollán i lár an chnoic
Agus shlog sé a n-iníonacha agus a mic.

Ceol: **Zip i dí dú dá**

*Zip i dí dú dá, zip i dí dé
A Dhia na glóire, inniu is inné.
An ghrian ag soilsiú i rith an lae,
Zip i dí dú dá, zip i dí dé.*

Tuismitheoirí: A pháistí, a pháistí cá bhfuil sibh ag dul?
Fanaigí anseo linn le bhur dtoil!

Páistí: A chairde, a chairde, nach raibh an próbaire glic
Táimid anseo sa tír nua i lár an chnoic
Ag súgradh, ag damhsa, spórt agus spraoi,
Ach ar shiúl ó Hamelin agus ár dtuismitheoirí.

Ceol: **Zip i dí dú dá**

*Zip i dí dú dá, zip i dí dé
A Dhia na glóire, inniu is inné.
An ghrian ag soilsiú i rith an lae,
Zip i dí dú dá, zip i dí dé.*

Scéalaí 2: Iad uile, ach aon ghasúr nach raibh go maith ag siúl,
Nach dtiocfaidh leis rith cé go raibh sé ag dúil
Leis an tír sin a fheiceáil a gheall an ceol dó,
Tír gheal na n-iontas, tír gan cheo.

Scéalaí 4: Is minic a bhíodh an gasúr faoi ghruaim,
Ag rá,

An gasúr: Cad chuige ar imigh siad uaim,
Ag dul leis an Phróbaire i bhfad i gcéin
Do m’fhágáil anseo in Hamelin liom féin?

Tuismitheoir 1: Cá bhfuil mo bhabaí?

Tuismitheoir 2: Cá bhfuil mo mhac?

Tuismitheoir 3 & 4: Ná habair go bhfuil siad leis an Phiobaire Breac?

Scéalaithe uilig: An Piobaire Breac, An Piobaire Breac?
Ná habair go bhfuil siad leis an Phiobaire Breac!

Scéalaí 6: Agus maidir leis an Mhéara is na daoine fásta,
Creid uaim é nach raibh siadsan sásta.
Chuir an Méara teachtairí soir agus siar
Chuig gach aon bhaile i ngach aon tír
Ag rá go mbeadh sé sásta íoc go daor
Dá ligfeadh an Píobaire na páistí saor
Ach d'fhán siad na blianta gan scéal a fháil
Is mhair muintir Hamelin faoi bhrón is faoi scáil.

Ceol: **Ar Thóir na bPáistí**

Táimid faoi bhrón, in Hamelin, cuidigh linn.

Níl de dhíth, rud ar bith, ach ár bpáistí

*Dá mbeadh siad anseo,
Dá mbeadh na páistí againn
Bheimis sona in Hamelin go deo*

Ní thig liom, rud a rá, faoin Phíobaire

Níl de dhíth, rud ar bith, ach ár bpáistí

*Dá mbeadh siad anseo,
Dá mbeadh na páistí againn
Bheimis sona in Hamelin go deo (x2)*

Scéalaithe uilig: Anois seo rabhadh beag – déan gach rud i gceart
De réir do bhriathair bíodh do bheart,
Agus ar ór na cruinne, ná déan faic
A chuirfeadh olc ar an Phíobaire Breac!

Ceol: **Tír na nÓg**

*Fadó fadó sa Ghearmáin na céadta bliain ó shin
Ní raibh smacht ar bith ar na francaigh i gcathair Hamelin
Bhí eagla ar na daoine rompu
Ní dhearna an comhairle faic
Ach ní dhéanfar dearmad ar an lá
A tháinig an Píobaire Breac*

*Píobaire Breac, ceol agus draíocht
Lean na páistí an fheadóg seo ar aghaidh chuig a ríocht
Hamelin gan pháiste, ba chuma faoi luchóg
D'imigh sonas Hamelin go Tír na nÓg... go Tír na nÓg.*